# Ráiteas Meán don cheathrú tuarascáil eatramhach ar chur i bhfeidhm agus ar thionchar Creat don tSraith Shóisearach

## 9 Nollaig 2024

***Tá guth an scoláire le feiceáil go láidir sa tuarascáil taighde is déanaí ar chur i bhfeidhm agus tionchar an Chreata don tSraith Shóisearach***

Is díol sásaimh don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) é foilsiú na tuarascála taighde is déanaí ar *Iniúchadh ar thabhairt isteach an Chreata don tSraith Shóisearach: Staidéar fadaimseartha*. Is í seo an ceathrú tuarascáil i sraith de thuarascálacha taighde maidir le cur i bhfeidhm agus tionchar an Chreata agus cuirtear léargais i láthair inti maidir leis an dara babhta de chuairteanna cás-staidéir ar na 12 scoil a ghlacann páirt sa staidéar ceithre bliana.

Tá an taighde i dTuarascáil Eatramhach 4 bunaithe ar shonraí a bailíodh ó 31 fócasghrúpa scoláirí lena bhfuil 219 scoláire páirteach, agus ó shuirbhéanna ar 1,782 scoláire thar na 12 shuíomh scoile. Ina theannta sin, chuir foireann taighde Ollscoil Luimnigh 63 múinteoir agus 12 phríomhoide faoi agallamh, breathnaíodh ar fhoghlaim agus teagasc i gcleachtas sa seomra ranga, agus bhailíodh tuairimí 30 tuismitheoir trí agallaimh.

Mar sin, tugann an tuarascáil léargais tábhachtacha uathu siúd atá ar thús cadhnaíochta i gcúrsaí laethúla an Chreata don tSraith Shóisearach.

Tá guth an scoláire le feiceáil go láidir i dTuarascáil Eatramhach 4, ina ndearnadh iniúchadh ar eispéiris agus freagraí ar Ocht bPrionsabal oideachas na Sraithe Sóisearaí: Folláine; Ag Foghlaim Conas Foghlaim; Rogha agus Solúbthacht; Ardchaighdeán; Cruthaitheacht agus Nuáil; Gníomhú agus Rannpháirtíocht; Leanúnachas and Forbairt; agus Oideachas Cuimsitheach. Iarradh ar mhúinteoirí agus ar phríomhoidí a dtuairimí a thabhairt freisin maidir leis na Prionsabail a neadú agus a chur chun feidhme sa chleachtas.

Áirítear leis na léargais ó Thuarascáil Eatramhach 4:

- Bhain scoláirí na Sraithe Sóisearaí leas as deiseanna cruthaitheachta agus foghlama gníomhaí, agus Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBanna) mar an príomhbhealach chun cruthaitheacht a léiriú.
- Mhothaigh sciar maith scoláirí go raibh an deis acu a thuairimí a léiriú cé nár aontaigh gach scoláire go ndearnadh aon ghníomh mar gheall ar a dtuairimí.
- As Prionsabail oideachas na Sraithe Sóisearaí, ba í Folláine an prionsabal ar thug scoláirí an méid is mó tuairimí diúltacha ina leith, agus scoláirí ag tuairisciú gur mhothaigh siad trína chéile mar gheall ar a n-ualach oibre agus strus na scrúduithe.
- Is iad an tSraith Shinsearach agus scrúdú na hArdteistiméireachta fós an 'príomhlionsa' trína ndearna múinteoirí meastóireacht ar an tSraith Shóisearach; is iad scrúdú deiridh na Sraithe Sóisearaí agus an Ardteistiméireacht atá fós ina dtosaíochtaí lárnacha in eispéireas na Sraithe Sóisearaí.

- Is minic a bhí dearcadh níos dearfaí ag na príomhoidí maidir le cur i bhfeidhm Phrionsabail na Sraithe Sóisearaí ná mar a bhí ag scoláirí, múinteoirí agus tuismitheoirí.

Ag cur fáilte roimh an tuarascáil, dúirt Cathaoirleach CNCM Seán Ó Foghlú: 'Tá taighde téagartha agus láidir ríthábhachtach d'obair CNCM agus cuireann sé le bunús láidir fianaise d'obair na Comhairle maidir le comhairle a fhorbairt don Aire Oideachais. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil agus moladh a thabhairt d'Fhoireann Taighde OL faoi stiúir an Ollaimh Oliver McGarr, as an obair a rinne siad chun an staidéar tábhachtach fadaimseartha seo a dhéanamh. Cuirfidh torthaí an staidéir go mór le hobair na Comhairle agus muid ag bogadh isteach in 2025.'

Rinneadh an dara babhta de chuairteanna cás-staidéir ar scoileanna, ar a bhfuil Tuarascáil Eatramhach 4 bunaithe, ó Mheán Fómhair 2023 go Eanáir 2024. Déantar tuairisc ar an gcéad bhabhta de chuairteanna cás-staidéir i dTuarascáil Eatramhach 2. Díríonn na torthaí taighde i dTuarascáil Eatramhach 4 ar phríomhcheisteanna agus téamaí leanúnacha atá tagtha chun cinn tar éis chur chun feidhme an Chreata don tSraith Shóisearach:

- Léirigh múinteoirí go raibh a gcuid teagaisc níos idirghníomhaí ó tugadh an Creat isteach, le níos mó rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí scoláire-lárnaithe agus in obair ghrúpa, go príomha trí Mheasúnaithe Rangbhunaithe.
- Síleann roinnt múinteoirí gur 'thit' caighdeán na Sraithe Sóisearaí ó tugadh an Creat isteach, rud a measadh go forleathan a bheith mar gheall ar bhaint réimsí áirithe laistigh d'ábhar.
- Ba ábhar imní é do an-chuid rannpháirtithe nár ualaíodh MRBanna sa ghrád deiridh, ach níl sé soiléir cé acu an mbeadh béim níos láidre ar an ngrád mar gheall ar ualú níos mó, seachas ar an bpróiseas foghlamtha, nó nach mbeadh.
- B'fhiú an cur chuige i leith Folláine a mheas, chomh maith le cumas an Chreata tacú le folláine an scoláire.
- Ní raibh an t-ionchuimsiú ná an t-oideachas cuimsitheach ina bpríomhphointí plé; cé gur luadh an téama, is minic a bhain sé go sonrach le comhthéacs aonair an duine.

Dúirt Príomhfheidhmeannach CNCM, Arlene Forster: Sa chéad tuarascáil eile, an tuarascáil deiridh ar '*Iniúchadh ar thabhairt isteach an Chreata don tSraith Shóisearach: Staidéar fadaimseartha*', pléifear sonraí an taighde ina n-iomláine agus an méid ar baineadh amach príomhchuspóirí an athraithe curaclaim, mar a leagtar amach sa Chreat don tSraith Shóisearach 2015. Meastar go bhfoilseofar í go luath in 2025. Tá an-tábhacht ag baint leis an staidéar ar an gCreat don tSraith Shóisearach ó thaobh obair CNCM de agus don chóras oideachais trí chéile. Cabhróidh na torthaí leis an gComhairle tacú le hobair leanúnach na scoileanna maidir leis an gCreat agus chun athmheas a dhéanamh ar an gCreat agus comhairle a thabhairt maidir lena nuashonrú, más gá agus aon áit ar gá, chun tacú le teagasc, foghlaim agus measúnú ar ardchaighdeán.'

**CRÍOCH**

**Teagmháil do na meáin:** Johnny Fallon, Carr Communications, 085-8895103, Johnny@carrcommunications.ie

**Nótá d'Eagarthóirí:**
Tá an Tuarascáil mar aon le níos mó eolais ar an taighde ar fáil ar líne ag: Junior Cycle National Project | University of Limerick (ul.ie)/ Chreat na Sraithe Sóisearaí (JCF) | University of Limerick (ul.ie)

**Fáisnéis Chúlra:**
Is comhlacht reachtúil de chuid na Roinne Oideachais í an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM). Déanaimid athbhreithniú ar churaclam agus ar mheasúnú do na luathbhlianta, don tsraith shóisearach agus shinsearach in Éirinn. Oibrímid le foghlaimeoirí, múinteoirí, tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara chun curaclam agus measúnú taighde-bhunaithe a fhorbairt. Tá sé chomhalta is fiche ar an gComhairle atá ionadaíoch ar na comhpháirtithe oideachais, tionscail agus ceardchumainn, ar scoláirí, ar eagraíochtaí tuismitheoirí agus ar leasanna oideachais eile. Bíonn ainmní amháin de chuid an Aire Oideachais agus ainmní amháin de chuid an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Comhtháthú agus Óige ar an gComhairle freisin.